2025/2601

16.12.2025

RIALACHÁN (CBES) 2025/2601 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) an 2025/2585 an 15 Nollaig 2025 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ([2]).

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle ([3]).

(3) An 15 Nollaig 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/2585, lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2025/2585, tugtar isteach critéar breise maidir le liostú daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Phoblacht na Bealarúise a chur chun feidhme, tacú leo, tairbhe a bhaint astu, a bheith rannpháirteach iontu, nó iad a éascú, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit, in eagraíocht idirnáisiúnta nó i dtríú tír, nó lena mbaintear an bonn de cheannasacht nó de neamhspleáchas ceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit, nó de thríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, lena n-áirítear i gcásanna ina gcuirtear isteach ar fheidhmiú bonneagair chriticiúil mar thoradh orthu, i gcás ina bhfuil sé réasúnta a chreidiúint go raibh na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí ar an eolas ar a laghad faoi na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Leagtar amach an comhthéacs polaitiúil agus na cúiseanna beartais leis na bearta sriantacha sin a bhunú sna haithrisí a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(5) Is gá an leasú sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 chun go bhféadfar an toirmeasc a chur chun feidhme i gceart agus go haonfhoirmeach ar fud an Aontais.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'6a. Beidh Iarscríbhinn I comhdhéanta den liosta seo a leanas freisin:

([1]) IO L, 2025/2585, 16.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2585/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/765/oj).
([3]) Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/642/oj).

(a) na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí, i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (ca), de Chinneadh 2012/642/CBES, a shainaithin an Chomhairle mar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Phoblacht na Bealarúise a chur chun feidhme, tacú leo, tairbhe a bhaint astu, a bheith rannpháirteach iontu, nó iad a éascú, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit, in eagraíocht idirnáisiúnta, nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, nó a bhaineann an bonn de cheannasacht nó de neamhspleáchas ceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit, nó de thríú tír, nó ar bagairt iad ar an méid sin, trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(i) úsáid ionramhála agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh inti, go díreach nó go hindíreach, tacú léi, nó í a éascú ar bhealach eile;

(ii) aon ghníomhaíocht atá dírithe ar fheidhmiú institiúidí daonlathacha, gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó seirbhísí leasa phoiblí, lena n-áirítear trí dhul isteach neamhúdaraithe ar chríoch Bhallstáit, lena n-áirítear a aerspás, é sin a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, go díreach nó go hindíreach, tacú léi, nó í a éascú ar bhealach eile, nó aon ghníomhaíocht dar cuspóir cur isteach ar fheidhmiú an bhonneagair chriticiúil, damáiste a dhéanamh dó nó é a scriosadh, lena n-áirítear sabaitéireacht nó cibirghníomhaíochtaí mailíseacha mar chuid de ghníomhaíochtaí hibrideacha;

(iii) gníomhaíochtaí forleathana nó córasacha lena gcuirtear isteach ar fheidhmiú an bhonneagair chriticiúil a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh iontu, go díreach nó go hindíreach, tacú leo, nó iad a éascú nó a chumasú ar bhealach eile;

(b) na daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí, i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (cb), de Chinneadh 2012/642/CBES, a shainaithin an Chomhairle mar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí a thacaíonn le daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá i mbun na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) na daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí, i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (e), de Chinneadh 2012/642/CBES, a shainaithin an Chomhairle mar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá ar úinéireacht nó faoi rialú ag daoine, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b).';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Áireofar in Iarscríbhinn I freisin daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leis na daoine, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i míreanna 5, 6, 6a(a), 7 agus 7a.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS